# dlr times

EAGRÁN SPEISIALTA FAOIN BPLEAN FORBARTHA CONTAE 2021





# Bíodh páirt agat san fhís

## An Dréachtphlean Forbartha Contae 2022-2028

dlr
Comhairle Contae County Council

EOLAS AGUS NUACHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

# clár ábhar


PLEAN FORBARTHA
DLR 2022 – 2028 .............................. 03

FAISNÉIS DON PHOBAL dlr
Torthaí Straitéiseacha Contae ............ 04

Croístraitéis ....................................... 06

Oidhreacht Ailtireachta ...................... 07

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr .......... 08



**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire.
A96 K6C9

**TEILEAFÓN:** 01 205 4700
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

-

**Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma**
Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14
Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm
**TEILEAFÓN:** 01 205 4880
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie


## www.dlrcoco.ie

www.dlrtourism.ie | www.events.dlrcoco.ie
www.libraries.dlrcoco.ie


Clóbhuailte in Éirinn ar pháipéar 100% athchúrsáilte. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr


@dlrcc dlrcoco.ie

DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat an **dlr times** a fháil ar ríomhphost, déan teagmháil linn ar: **commsoffice@dlrcoco.ie**



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

*Fáilte chuig an eagrán is deireanaí den dlr times. Tá an t-eagrán seo tugtha go hiomlán don Dréachtphlean Forbartha Contae 2022 – 2028. Tá an Dréachtphlean ar taispeáint ón 12 Eanáir 2021 go dtí an 16 Aibreán 2021 agus cuireann an Chomhairle fáilte roimh aighneachtaí ó áitritheoirí, gnóthaí, grúpaí pobail, eagraíochtaí agus leanaí (nó grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar leanaí). Spreagaimid gach duine inar bpobail agus inár gcomharsanachtaí a bheith rannpháirteach sa phróiseas tábhachtach seo.*

**AN CLR UNA POWER**



## Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach dlr

*Is Plean spásúil é Dréachtphlean Forbartha Contae 2022-2028 a leagann amach creat chun forbairt sa Chontae amach anseo a threorú thar na sé bliana ó 2022 – 2028. Is é an rud atá tábhachtach ná go neartóidh agus go bhfeabhsóidh fás sa Chontae amach anseo an slabhra bailte agus sráidbhailte atá sa Chontae cheana agus ag an am céanna go mbeidh deis ag pobail nua agus comharsanachtaí inbhuanaithe teacht chun cinn agus go mbeidh Contae a bheidh inbhuanaithe, ionchuimsitheach, seasmhach ó thaobh na haeráide de, éagsúil ó thaobh na heacnamaíochta de agus sláintiúil ann mar thoradh air.*

*Agus é seo mar rún, díríonn an Dréachtphlean ar dhaoine, ar an mbaile agus ar chomhfhorbairt áite agus tugann sé roinnt coincheapa nua isteach ar a n-áirítear comharsanacht "10 nóiméad" agus beidh daoine in ann rochtain a fháil ar na seirbhísí a theastaíonn uathu, amhail siopaí, páirceanna, áiteanna súgartha, scoileanna, agus iad ar fad i bhfoisceacht deich nóiméad ón a mbaile más ag siúl é nó ar rothar nó ar iompar poiblí. Tugann sé deis an coincheap "fanacht gar do bhaile" a fhíorú. Tugann an Plean sprioc chriosaithe úsáide talún nua - Bonneagar comharsanachta Inbhuanaithe - isteach a chlúdaíonn ár scoileanna, ionaid adhartha, áiseanna pobail agus sibhialta agus tugtar aitheantas don ról luachmhar atá acu sna pobail ar a ndéanann siad freastal.*

*Is duitse agus don cheantar a bhfuil tú ann an Plean tábhachtach seo agus réiteoidh sé an bealach go ceann i bhfad. Mholfainn duit níos mó a léamh faoi san eagrán seo den dlr Times agus ar láithreán gréasáin na Comhairle.*

**PHILOMENA POOLE**

## Na margaí ar fad dúnta faoi láthair

### Margaí na CoCo

**PÁIRC AN PHOBAIL & DLR LEXICON,** Dún Laoghaire
Domhnach 11am – 4pm

**PÁIRC MHARLAÍ**
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16
Satharn 10am – 4pm & Domhnach 11am – 4pm

## UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

| | |
|---|---|
| **Lasmuigh de Ghnáthuaireanta:** [i ndiaidh 5pm + deirí seachtaine] | 01 677 8844 |
| **Daoine gan Dídean:** [seirbhísí iar-ama] | 1800 724 724 |
| **Uisce Éireann:** [24 uair] | 1850 278 278 |

# Do pháirceanna dlr

**PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M.F. 8am go 8pm | D.F. 8am go 7pm | Samh – Ean 8am go 4.30pm Feabh – Már 8am go 6pm | Aibr 8am go 8pm | Beal – Lún 8am go 9pm

**PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 5pm | Feabh. 8am go 6pm | Márta 8am go 7pm | Aib.8am go 8pm | Beal. – Lun. 8am go 10.30pm

**PÁIRC NA BHFIANNA**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC & GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** 9am - 6pm

**PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉINÍN**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC MHARLAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 9am go 8pm | D. Fómh. 9am go 6pm | Samh. – Ean. 9am go 5pm Feabh. – Márta 9am go 6pm | Aib. 9am go 9pm | Beal. – Lún. 9am go 10pm

**PÁIRC AN PHOBAIL**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Noll.– Márta 8am go 4.30pm Aib. – Beal. 8am go 7.30pm | Meith. – M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. – Samh. 8am go 7.30pm

**PÁIRC SHEANGÁNAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

# Faisnéis athchúrsála

**ATHCHÚRSÁIL BHAILE UÍ ÓGÁIN**
Bóthar Bhaile Uí Ógáin

**TEILEAFÓN:** 01 291 3600
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Aoine 8.30am go 5.30pm Sath 9.30am go 5.30pm | Domh/Lá Saoire Bainc 10.30am go 5.30pm.
**DÚNTA:** Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

**ATHCHÚRSÁIL PHÁIRC ÉIDIN**
Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail

**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ**
Carrchlós na Reilige, Seanchill

**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm Aoine – Sath 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

# Do leabharlanna dlr

**Téigh chuig leabharlanna ár suíomhanna gréasáin dlrcoco.ie chun an t-eolas is déanaí a fháil le linn shrianta COVID-19**

**dlr LEXICON**
Ardán Haigh, Dún Laoghaire
**TEIL:** 01 280 1147
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 9.30am – 8pm
Aoine go Sath. 9.30am – 5pm | Domh. 12pm – 4pm

**AN CHARRAIG DHUBH**
Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór
**TEIL:** 01 288 8117
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad, Aoine & Sath 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar 1.15pm – 8pm

**CÁBÁN TSÍLE***
Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle
**TEIL:** 01 285 5363
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad, Aoine* & Sath* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar 2pm – 8pm

**DEILGINIS**
Sráid an Chaisleáin, Deilginis
**TEIL:** 01 285 5317
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad, Aoine & Sath 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar 1.15pm – 8pm

**GRÁINSEACH AN DÉIN**
Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin
**TEIL:** 01 285 0860
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar 10am – 8pm | Aoine & Sath 10am – 5pm. *My Open Library* féinfhreastal ó 8am-10pm, 7 lá na seachtaine, deirí seachtaine saoire bainc san áireamh.

**DÚN DROMA**
Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma
**TEIL:** 01 298 5000
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Aoine & Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm

**SEANCHILL***
Bóthar na Leabharlainne, Seanchill
**TEIL:** 01 282 3081
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad, Aoine* & Sath* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar 2pm – 8pm

**STIGH LORGAN**
Páirc Lorcáin, Stigh Lorgan
**TEIL:** 01 288 9655
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine & Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm

* Leabharlanna a bhfuil *réiltín* leo, bíonn siad ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn – déan teagmháil leo chun tuilleadh sonraí a fháil.
- Ar dheirí seachtaine Saoire Bainc, bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, an Domhnach agus an Luan, ach bíonn leabharlann Ghráinseach an Déin ar oscailt sa mhodh *My Open Library*.




# Úsáid do dheis labhartha

**Tá dlr leathbhealach tríd an obair ullmhúcháin don Phlean Forbartha Contae. Nuair a ghlacfar leis, leagfaidh an Plean nua seo amach an straitéis fhoriomlán lena chinntiú go dtarlóidh an fhorbairt sa Chontae ar bhealach comhtháite, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe thar an tréimhse 6 bliana ó 2022 – 2028.**

**BREATHNAIGH AR AN BPLEAN**

Ar líne inár Seomra Fíorúil ag **dlrcoco.ie/draftcdp2022-2028**

NÓ

**Sa Teirminéal Farantóireachta, Dún Laoghaire, Luan go hAoine, 11am – 3pm, ach coinne a dhéanamh.**

Seol r-phost le do thoil chuig **devplan@dlrcoco.ie** nó cuir glao ar **01-2713150** chun coinne a dhéanamh leis an Dréachtphlean a fheiceáil.

Má chuirtear deireadh le srianta leibhéal 5 b'fhéidir go mbeadh an Plean ar fáil lena fheiceáil ag láithreacha eile sa Chontae.

**FÍS AN PHLEAN FORBARTHA**

**Is í an fhís atá ann do Dhún Laoghaire-Rath an Dúin ná glacadh le hionchuimsitheacht, caighdeán saoil a spreagadh trí chomhfhorbairt áiteanna, agus geilleagar nuálaíoch atá éagsúil a mhealladh agus a bhunú agus é sin a chur ar fáil ar bhealach a chuireann feabhas ar an timpeallacht do na glúnta atá le teacht.**

**Cuireann cúig Thoradh Straitéiseacha Contae bonn faoi seo mar atá leagtha amach ar leathanaigh 4 agus 5.**

## Cad is Plean Forbartha Contae ann?

Lena chur go simplí is plean spásúil é Plean Forbartha Contae a chuimsíonn réimse spriocanna beartais difriúla ar cheisteanna ar a n-áirítear dlús, airde foirgnimh, iompar agus soláthar scoileanna. Bainfidh páirtithe difriúla amach na spriocanna beartais sin, chomh maith leis an bhFís agus na cúig Thoradh Straitéiseacha Contae, agus na páirtithe sin ag obair i gcomhar leis an gComhairle. Áirítear orthu siúd áitritheoirí a bheadh ag tógáil tithe nua nó ag cur síneadh lena dtithe, forbróirí a bheadh ag cur tithe nua nó úsáidí eile ar fáil, an Roinn Oideachais maidir le scoileanna a sholáthar, Uisce Éireann maidir le seirbhísí uisce agus bonneagar fuíolluisce a sholáthar, an tÚdarás Náisiúnta Iompair maidir le bonneagar rothaíochta agus iompar poiblí agus Bord na nOibreacha Poiblí maidir le hoibreacha fóirithinte tuile a sholáthar.

## Cad atá sa Phlean?

Cuimsíonn an Dréachtphlean roinnt gnéithe ar a n-airítear gné ar a dtugtar "Ráiteas Straitéise" ina leagtar amach spriocanna beartais le treoir a thabhairt d'fhorbairt a d'fhéadfadh tarlú thar na 6 bliana ó 2022 - 2028. Cuimsíonn gnéithe tábhachtacha eile den Phlean:

- An Chroístraitéis a leagann amach an t-ordlathas lonnaíochta don Chontae,
- An chaibidil "Bainistíochta Forbartha" a leagann amach riachtanais ar leith d'fhorbairtí sa todhchaí maidir le ceisteanna áirithe, lena n-áirítear spás oscailte, dearadh agus páirceáil do charranna,
- Na 14 léarscáil chriosaithe úsáide talún,
- Léarscáileanna tuilte,
- Na 17 aguisín a chuimsíonn an Straitéis Airde Foirgneamh agus Straitéis Tithíochta agus Measúnú Eatramhach ar Éileamh Riachtanais Tithíochta agus
- An "Tuarascáil Timpeallachta" a dhéanann na tionchair thimpeallachta ar dócha a thiocfaidh as feidhmiúcháin an Dréachtphlean a mheas agus an Measúnacht Chuí a dhéanann tionchar an Phlean ar Shuíomhanna Eorpacha a mheas.

D'fhoilsigh an Chomhairle an Dréachtphlean in Eanáir 2021 agus tá an Dréacht seo amuigh anois ar chomhairliúchán poiblí ar feadh tréimhse deich seachtaine go dtí an 16 Aibreán 2021. Tá fáilte roimh do thuairimí ar an Dréachtphlean.

## Conas aighneacht nó tuairim a thabhairt ar an Dréachtphlean?

Is próiseas comhoibríoch é an próiseas déanta plean agus ba mhaith linn do thuairimí a fháil ar an Dréachtphlean Forbartha Contae. Cuirtear fáilte roimh aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn ó dhaoine sa phobal agus ó pháirtithe leasmhara eile, ar a n-áirítear leanaí nó grúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht ar ábhair spéise leanaí maidir leis an Dréachtphlean.

Is féidir aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh ar an Dréachtphlean suas go dtí an Aoine 16 Aibreán 2021, na bealaí seo a leanas san áireamh:

1. Is féidir aighneacht scríofa a dhéanamh ar líne ag *www.dlrcoco.ie/draftcdp2022-2028*

NÓ

2. Trí scríobh chuig: *An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire.*

# Torthaí Straitéiseacha Contae

**Tá cúig Thoradh Straitéiseacha Contae mar bhonn taca faoin bPlean chun an fhís atá leagtha amach ar leathanach 3 a bhaint amach. Tá sé i gceist go gcinnteoidh na Spriocanna Beartais atá leagtha amach sa phlean go mbainfí forbairt sa Chontae amach na torthaí sin - más tithe nua, scoileanna nua, páirceanna nua, nó deiseanna nua fostaíochta atá i gceist.**



1 Feirm Ghaoithe



2 An Príomhshráid, Dún Droma



3 **Páirc na Meala** (Cossgrave Group/Imageworks)



4 Áiseanna Súgartha, Cnoc Chill Iníon Léinín



5 **Aon Contae Theas** (Enda Kavanagh/TOT Architects)

## 1 Contae a bheidh Seasmhach ó thaobh na hAeráide de a Chruthú

Aithnítear go bhfuil Gníomhú ar Son na hAeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda is mó atá romhainn. Is féidir leis an bPlean Forbartha Contae príomhról a bheith aige chun tacú le gníomhaíocht fhiúntach maidir leis an athrú aeráide. Is féidir é sin a bhaint amach trí bhearta an-simplí amhail a chinntiú go gcuirtear tithe nua ar fáil ar thailte a bhfuil ceangail mhaithe acu le hiompar poiblí, le conair shiúlóide agus rothaíochta. D'fhéadfadh pleanáil mhaith tionchar a bheith aige ó thaobh ár lorg carbóin foriomlán a laghdú trína chinntiú gur féidir le daoine siúl chun na hoibre agus scoileanna, sin nó dul ar rothar nó iompar poiblí, chun úsáid a bhaint as seirbhísí ar nós siopaí, an pháirc áitiúil nó áiseanna eile. Is í an éirim atá leis an Dréachtphlean ná forbairt mar sin a bhaint amach. Taispeánann an Chroístraitéis, nó an straitéis lonnaíochta, go mbunófar pobail chónaitheacha nua a dhéanfar iad a sholáthar thar shaolré an phlean in aice le bealaí ag a mbeidh iompar poiblí maith. Is caibidil ar leithligh é Caibidil 3 den Dréachtphlean a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide chun an tábhacht a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide a léiriú.

## 2 Contae a bheidh Dlúth agus Ceangailte a Chruthú

Ceann de na bealaí is fearr chun an t-aistriú i dtreo Contae a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh ná a chinntiú go mbítear dírithe ar thithe nua agus pobail nua, i gcomhar le ceantair fáis nua, laistigh den limistéar faoi fhoirgnimh, mar a thugtar air. Ar an mbealach sin, bainfear an úsáid is fearr as talamh sa Chontae. Spreagann na spriocanna beartais atá i gcaibidlí 4 agus 5 den Dréachtphlean Forbartha Contae forbairt den chineál sin chun go ndéanfar an fhorbairt in aice le roghanna iompair phoiblí agus seirbhísí agus áiseanna tacaíochta ar chaighdeán maith. Tabharfaidh sé seo rochtain éasca ar áiseanna agus ar sheirbhísí dóibh siúd atá ina gcónaí nó ag obair sa Chontae nó ag tabhairt cuairt air trí úsáid a bhaint as iompar poiblí ar ardchaighdeán, sin nó de shiúl na gcos nó ar rothar.




## 3 Líonra Bailte agus Sráidbhailte ar áiteanna deasa iad le Cónaí iontu a Chruthú

Nuair a bheifear ag cruthú Contae atá seasmhach ó thaobh na haeráide de agus atá dlúth le ceangal maith, caithfear Contae atá go deas le maireachtáil ann a chruthú freisin, áit a n-oibreoidh an slabhra bailte, sráidbhailte agus na comharsanachtaí máguaird níos fearr do na daoine atá ina gcónaí iontu nó a úsáideann iad. Leagann caibidlí éagsúla sa Dréachtphlean amach spriocanna beartais a bhfuil sé i gceist leo an toradh sin a bhaint amach.

- I gcaibidil 4 "Comharsanacht: Daoine, Teaghlaigh agus Áit" cuirtear an coincheap comharsanachta "10 nóiméad" chun cinn. Tógann an coincheap seo ar thuairim an tsráidbhaile uirbigh inbhuanaithe áit ar féidir le duine dul de shiúl na gcos nó ar rothar nó úsáid a bhaint as iompar poiblí ar ardchaighdeán chun rochtain a fháil ar áiseanna tacaíochta comharsanachta laistigh d'achar ama 10 nóiméad.
- Leagann Caibidil 7 "Bailte, Sráidbhailte agus Forbairt Mhiondíola" spriocanna beartais amach a bhaineann leis an ról atá ag ár mbailte agus ár sráidbhailte ar a n-áirítear an fheidhm mhiondíola atá acu agus, chomh maith leis sin, díríonn siad ar an ról ilfheidhmiúil atá acu mar láithreacha cultúir, pobail, sibhialta, oidhreachta agus fóillíochta.
- Leagann Caibidlí 8 agus 9 amach spriocanna beartais a bhaineann le bonneagar glas, bithéagsúlacht, spás oscailte, páirceanna agus fóillíocht.
- Tá spriocanna beartais agus treoir i gCaibidil 11 "Oidhreacht agus Caomhnú" a bhaineann le hoidhreacht an Chontae a chosaint ar a n-áirítear oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta.
- Tugann Caibidil 4 sprioc chriosaithe úsáide talún nua isteach dar teideal "Bonneagar Comharsanachta Inbhuanaithe" a thugann aitheantas don tábhacht a bhaineann le luach na n-áiseanna agus na seirbhísí atá sa Chontae cheana ar a n-áirítear oideachas, pobal, cultúir, sibhialta, fóillíochta, cúram sláinte agus reiligiúnach.

Ba mhaith linn do thuairim a fháil ar na caibidlí sin agus ar an sprioc chriosaithe nua, ar féidir í a fheiceáil ar na 14 léarscáil a thagann leis an bPlean.

## 4 Contae atá ionchuimsitheach agus sláintiúil a chruthú

Bíonn tionchar ag an timpeallacht thart orainn ar ár meabhairshláinte agus ar ár sláinte fhisiciúil. Tá tionchar dearfach ag comhfhorbairt áite ar shláinte agus ar leas. Aithníonn éirim bheartais mhóriomlán atá leis an Dréachtphlean go bhféadfadh tionchar mór a bheith ag rochtain ar iompar inbhuanaithe, tithíocht, comhfhorbairt áite ar ardchaighdeán, spás glas agus bonneagar pobail ar shláinte agus folláine gach duine. Tá sé mar aidhm ag an bPlean a bheith ionchuimsitheach freisin lena chinntiú go mbainfeadh na pobail agus aoiseanna ar fad leas as na beartais.

Déanann an Dréachtphlean cinnte freisin go gcuirtear bonneagar ríthábhachtach ar nós uisce agus fuíolluisce ar fáil i gcomhar le forbairt nua agus go mbaintear amach cothroime idir forbairt agus cosaint na timpeallachta.

## 5 Contae atá bríomhar ó thaobh an gheilleagair de a chruthú

Is iad na rudaí a dhéanann áit tharraingteach agus iontach le cónaí ann, le bheith ag obair ann nó le cuairt a thabhairt air de dlr na rudaí céanna a dhéanann Contae de laistigh de cheantar Mhórchathair Bhaile Átha Cliath a mheallann gnó. Tá rath leanúnach an gheilleagair ag brath ar an gContae a bheith ag obair níos fearr do gach duine.

Cinntíonn an Dréachtphlean go bhfuil dóthain tailte criosaithe i gcomhair fostaíochta agus go bhfuil na tailte san áit cheart chun pobail inbhuanaithe rathúla a bhaint amach. Leagann Caibidil 6 sa Dréachtphlean, "Fiontar agus Fostaíocht" amach an creat i gcomhair fiontar, fostaíochta agus forbairt turasóireachta chun tacú le fás eacnamaíochta.



Plás Sheoirse, Dún Laoghaire

Teach Bhaile an Róistigh, An Naigín





Cúirt Chnocán na Rós

# Croístraitéis

## Cad é an Croístraitéis?

Leagann an Chroístraitéis amach an riachtanas tithíochta don Chontae thar thréimhse an phlean agus cinntíonn sé go bhfuil dóthain talún criosaithe chun freastal ar an riachtanas. Cuimsíonn sé an straitéis lonnaíochta freisin a chinntíonn go ndéantar comhordú ar fhás post agus tithíochta agus go gcuirtear ar fáil iad sna háiteanna cearta a bhfuil bonneagar tacaíochta iontu, ar a n-áirítear bonneagar fóntais, scoileanna, iompar poiblí, bóithre agus conair rothaíochta agus áiseanna pobail.

## Cé mhéad teach nua a mbeidh gá leo thar thréimhse an Phlean?

Tháinig fás láidir ar dhaonra Dhún Laoghaire-Rath an Dúin thar na 10 go 15 bliana seo thart agus bhí 218,018 duine ina gcónaí ann de réir Dhaonáireamh 2016. Leithdháileann pleananna náisiúnta agus réigiúnacha 40,000 duine eile le cónaí i nDún Laoghaire-Rath an Dúin idir 2016 - 2028, arb ionann é agus fás de thart ar 3,400 duine gach bliain. Measann an Chroistraitéis go bhfuil 20,669 áit chónaithe breise ag teastáil ó na háitritheoirí atá ann faoi láthair agus uathu siúd atá le teacht.

## An bhfuil dóthain talún criosaithe chun na háiteanna cónaithe nua a chur ar fáil?


Tá. Rinne dlr staidéar cuimsitheach ar an talamh ar fad a criosaíodh i gcomhair úsáid chónaithe agus úsáid mheasctha sa Chontae chun an cumas atá ann faoi láthair d'fhorbairt chónaitheach a mheas. Measann an staidéar go bhfuil thart ar 553 heicteár talún criosaithe ar fáil nó b'fhéidir a bheadh ar fáil d'fhorbairt chónaitheach. Ceaptar go bhfuil dóthain talún criosaithe ar fáil cheana le freastal ar an riachtanas tithíochta nua thar shaolré an Phlean.


## Cén áit a ndéanfar an fhorbairt?

Cuimsíonn an Chroístraitéis straitéis lonnaíochta a leagann amach an fás spáis sa Chontae amach anseo. Tacaíonn an straitéis lonnaíochta leis an aistriú chuig Contae ar charbón íseal atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. Déanfar é sin le clár oibre ar fhás dlúth a chur i bhfeidhm, chomh maith le leibhéal imeasctha níos mó idir úsáid talún agus iompar, soghluaisteacht inbhuanaithe níos mó agus bainistíocht inbhuanaithe ar ár n-acmhainní timpeallachta.

Aithníonn an straitéis lonnaíochta Dún Laoghaire agus Dún Droma mar dhá Mhórionad sa Chontae agus Áth an Ghainimh agus Coill na Silíní mar Cheantair Ilchineálacha. Tá pobail nua aitheanta sna háiteanna seo, Baile Uí Ógáin agus an ceantar in aice leis, Cill Tiarnáin-Gleann na Muc, Rath Mhichíl, Sruthán na Coille-Seangánach agus Seanchonach.

Bheadh fáilte againn roimh bhur dtuairimí ar an gcroístraitéis.





Teach Mharlaí

# Oidhreacht Ailtireachta



Túr Martello, Oileán Dheilginse



Leabharlann Chábán tSíle



Simléar Mianaigh Luaidhe, Baile Mhic Fheorais

**Aithnítear go dtiocfadh an fhéidearthacht ó chaomhnú agus feabhas a chur ar oidhreacht an Chontae cur le folláine an duine, le féiniúlacht choiteann an phobail agus le caghdeán na mbailte agus sráidbhailte ó thaobh cónaí iontu.**

Éilíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ar gach Údarás Pleanála spriocanna a chur san áireamh ina bPlean Forbartha chun struchtúir, nó codanna de struchtúir a bhfuil spéis speisialta ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúrtha, eolaíochta, teicniúil nó sóisialta ag baint leo, a chosaint. Cuirtear na foirgnimh agus na struchtúir sin le chéile ar chlár ar a dtugtar Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS). Faoi láthair cuimsíonn an RPS don dlr gar de 2,100 struchtúr, agus tá sé i gceist leis an Dréachtphlean seo 160 struchtúr cosanta nua a chur leis sin, struchtúir ar a mbeidh tithe, garraithe daingne, tithe geata agus másailéim.

## 5 Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta Nua!

Tá sé i gceist leis an bPlean cúig Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta Nua a dhéanamh ag:

- De Vesci, Vesey agus Bruach na Sailí,
- Bóthar Marlborough,
- Paráid Dhún na Mara,
- Ascaill Sydney agus
- Ardán Waltham.

## Cad is Ceantar Caomhnaithe Ailtireachta ann?

Tugann Ceantair Caomhnaithe Ailtireachta cosaint do ghrúpaí foirgneamh agus dá sráid-dreach. An gcónaíonn daoine i gceann acu? Bheadh fáilte againn roimh do thuairimí. Is féidir sonraí maidir le haighneacht a fháil ar leathanach 3.

### BREATHNAIGH AR AN BPLEAN

Tá Breithmheas Saintréithe do gach ACA le fáil i gcáipéis fhorlíontach ag **dlrcoco.ie/draftcdp2022-2028**

Tá Taifead na Struchtúr Cosanta mar chuid d'Aguisín 4

# Déanann **do Chomhairleoirí** dlr **ionadaíocht ortsa**

## DÚN DROMA

AN CLR **SHAY BRENNAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 829 0570
**RÍOMHPHOST:** sbrennan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **ANNE COLGAN** NSP
30 Plásóg na Fuinseoige, Bóthar Bhaile an tSaoir
**FÓN PÓCA:** 087 245 4202
**RÍOMHPHOST:** acolgan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DANIEL DUNNE** CG
126 Páirc na Cluana, Baile an Teampaill
**FÓN PÓCA:** 087 115 4468
**RÍOMHPHOST:** ddunne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **ANNA GRAINGER** FG
18 An Tobar Naofa, Bóthar Chill Mochuda Uachtarach
**FÓN PÓCA:** 087 282 5511
**RÍOMHPHOST:** agrainger@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16
**FÓN PÓCA:** 087 741 1638
**RÍOMHPHOST:** smcloughlin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard, Dún Droma, D16 KT53
**FÓN PÓCA:** 086 461 1638
**RÍOMHPHOST:** pobrien@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce, Bóthar Áth an Ghainimh, Dún Droma
**FÓN PÓCA:** 086 818 6732
**RÍOMHPHOST:** joleary@cllr.dlrcoco.ie

## STIGH LORGAN

AN CLR **DEIRDRE DONNELLY** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1625
**RÍOMHPHOST:** ddonnelly@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 083 149 6045
**RÍOMHPHOST:** edowling@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 772 0794
**RÍOMHPHOST:** jkennedy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
79 Céide Shliabh Rua, Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086-8516936
**RÍOMHPHOST:** moconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean
**FÓN PÓCA:** 086 781 4517
**RÍOMHPHOST:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DÓNAL SMITH** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 193 6483
**RÍOMHPHOST:** dsmith@cllr.dlrcoco.ie

## AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh
**FÓN PÓCA:** 086 818 6704
**RÍOMHPHOST:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1627
**RÍOMHPHOST:** kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 085 120 2121
**RÍOMHPHOST:** mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MAURICE DOCKRELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**RÍOMHPHOST:** mdockrell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **SÉAFRA Ó FAOLÁIN** CG
AN LEAS CHATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 908 1058
**RÍOMHPHOST:** sofaolain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARTHA FANNING** LO
23 Bóthar an Chlochair, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 0872041559
**RÍOMHPHOST:** mfanning@cllr.dlrcoco.ie




## DÚN LAOGHAIRE

AN CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086 461 1626
**RÍOMHPHOST:** mfayne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LORRAINE HALL** FG
71 Ascaill Roseland, Cualanor, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 790 5555
**RÍOMHPHOST:** lhall@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM KIVLEHAN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 373 2518
**RÍOMHPHOST:** tkivlehan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MELISA HALPIN** PRB
f/ch 13 Sráid Sheoirse Íochtarach, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 380 5793
**RÍOMHPHOST:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JUSTIN MOYLAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 313 8815
**RÍOMHPHOST:** jmoylan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 270 7745
**RÍOMHPHOST:** joconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt Baile na Manach
**FÓN PÓCA:** 087 247 3448
**RÍOMHPHOST:** dquinn@cllr.dlrcoco.ie

## GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH

AN CLR **KAZI AHMED** FG
Cnoc na Spideoige, Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 031 3448
**RÍOMHPHOST:** kahmed@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 715 2786
**RÍOMHPHOST:** eblain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime, Sráidbhaile na Céime
**FÓN PÓCA:** 086 020 1665
**RÍOMHPHOST:** mfleming@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LETTIE McCARTHY** LO
23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim
**FÓN PÓCA:** 086 818 6718
**RÍOMHPHOST:** lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR. **PATRICIA KINSELLA** NSP
5 Bóthar Dhroichead Bhaile an Mhuilinn Baile Átha Cliath 14
**FÓN PÓCA:** 086 461 1634
**RÍOMHPHOST:** pkinsella@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM MURPHY** FF
Tree Tops, Barr na Coille, Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 781 4515
**RÍOMHPHOST:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR. **OISÍN O'CONNOR** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 606 5648
**RÍOMHPHOST:** ooconnor@cllr.dlrcoco.ie

## CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL

AN CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil, f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 109 4032
**RÍOMHPHOST:** mclark@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí, Bóthar Bhré, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 813 1456
**RÍOMHPHOST:** jgildea@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **HUGH LEWIS** PRB
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige, An Baile Breac
**FÓN PÓCA:** 086 781 4523
**RÍOMHPHOST:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **FRANK MCNAMARA** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 104 3210
**RÍOMHPHOST:** fmcnamara@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 278 5609
**RÍOMHPHOST:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **UNA POWER** CG
AN CATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 386 1048
**RÍOMHPHOST:** unapower@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na Mara, Cill Iníon Léinín
**FÓN PÓCA:** 086 383 5051
**RÍOMHPHOST:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie